CEACHT 7

DAIDÍ AG TEACHT ABHAILE



Pictiúr: Radharc:

(a) Sa chistin, Daidí ag teacht isteach, Daidí ag baint a chóta de, Páid agus Bríd ag foghlaim a gceachtanna; (b) Mamaí ag ullmhú an dinnéir, Daidí ina shuí agus Nóirín ar a ghlúine aige. Comhartha ceiste, feoil, prátaí agus cabáiste a chur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann. Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Tháinig Daidí abhaile. Bhain sé de a chóta. Bhí Páid agus Bríd ag foghlaim na gceachtanna. Bhí Mamaí ag obair sa chistin. Shuigh Daidí síos. Shuigh Nóirín ar a ghlúine.

Agallamh

NÓIRÍN: Tá ocras ar Dhaidí, a Mhamaí. An bhfuil an dinnéar réidh?
MAMAÍ: Tá go deimhin. Cruinnigh na leabhair sin, a Pháid.
BRÍD: Glanfaidh mise an bord, a Mhamaí.
DAIDÍ: Céard atá againn don dinnéar, a Nóirín?
NÓIRÍN: Feoil, prátaí agus cabáiste, a Dhaidí.
PÁID: Is maith liom feoil agus prátaí.* Ach ní maith liom cabáiste.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Tháinig Nóirín abhaile?
Céard a rinne Daidí ansin?
Céard faoin mbeirt seo?
Agus Mamaí?
Céard a rinne Daidí?
Agus Nóirín?

Tusa, a "Nóirín", céard a deir tú faoi Dhaidí?
Cuir ceist faoin dinnéar.
Freagair í, a "Mhamaí".
Agus céard a deir tú le Páid faoi na leabhair?
Agus céard a dhéanfaidh tusa, a "Bhríd"?
Cuir ceist faoin dinnéar, a "Dhaidí".
Inis dó, a "Nóirín".
Ní maith leat é sin, a "Pháid"?
Ach céard faoin gcabáiste?

*An focal *fataí* a úsáid anseo, más mian.

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Tháinig* Daidí abhaile.
   (*amárach, anois;* níor, ar?*: inné,* an?*: amárach*).
2. Bhain sé de a *chóta.*
   (*léine, hata, geansaí, bróga*).
3. *Bhain* sé de a chóta.
   (*amárach, anois;* ní: *amárach*).
4. Cruinnigh na *leabhair* sin.
   (*cloch, páipéar, stól, cárta, peann luaidhe*).
5. Céard atá *againn* don dinnéar?
   (*mise,* tusa, eisean, ise, iadsan*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:
   Daidí ag teacht abhaile am tae: an comhrá a tharla faoin tae.
3. Scéal a chumadh:
   Is mise Páid. Chuaigh mé ar cuairt go teach Sheáin inné . . .
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Fuíoll-leabhair a chur le chéile:
   Pictiúir de Pháid agus Bhríd i mbun gnóthaí éagsúla.

*.i. "Céard atá *agat* don dinnéar?"

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Daidí: Dia daoibh go léir.
Na Páistí: Dia's Muire duit, a Dhaidí.
Daidí: Conas tá sibh?
Na Páistí: Táimid go maith, buíochas le Dia.
Daidí: An bhfuil an dinnéar réidh?
Na Páistí: Tá an dinnéar réidh anois.
Daidí: Cad tá ar an mbord?

II

Na Páistí: Tá cupáin is plátaí ar an mbord,
Tá feoil agus prátaí ar an mbord,
Tá cabáiste ann, arán agus im
Ó! tá an dinnéar réidh anois, a Dhaidí.